

Ábhar

Foghlaim Teanga

Mír Éisteachta

**Siuán Ní Mhaonaigh ag caint faoi
fhoghlaim teangacha.**

As Forás

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.**



An Mheitheal um Theagasc
na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

Foghlaim Teanga

Réamhobair

- Beidh tú ag éisteacht le píosa a tógadh as agallamh a rinne Siuán Ní Mhaonaigh faoi fhoghlaim teangacha. Ar dtús déan féin agus do ghrúpa liosta de na pointí comhairle is tábhachtaí dar libh, d'éinne atá ag foghlaim teanga. Ansin féachaigí arís ar bhur liosta – cé mhéad de na pointí comhairle a leanann sibh féin?
- Léigh an ráiteas seo leis an teangeolaí David Wilkins agus pléigh é le duine eile.

Without grammar very little can be conveyed, without vocabulary nothing can be conveyed.

Cad a déarfá faoin ráiteas seo:

‘Ba mhaith liom feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge ach ní theastaíonn uaim gramadach a fhoghlaim’.

- Conas a chuirfeá Gaeilge ar na frásaí seo?
 1. A bare pass
 2. I failed that exam
 3. I'm worried I'll fail
 4. I'm studying Irish
 5. When I have my degree
 6. The hardest thing about this course is
 7. The easiest course is Nua-Litríocht
 8. How did you get on in the exam?

Éisteacht

Éist leis an agallamh agus scríobh an méid is féidir leat de na pointí comhairle a thugann Siuán.

Cén chanúint atá ag Siuán – cad a thugann sin le fios duit?

Cén rud é ‘ciall cheannaithe’?

Feasacht Teanga

Déanann Siuán tagairt san agallamh do na nithe seo thíos. Cad iad go díreach? Cad atá ar eolas agat fúthu? Conas a mhíneofá iad? An bhfuil deacrachtaí agat féin leo?

an tuiseal tabharthach
na briathra neamhrialta
foghraíocht
réamhfhocail
inscne focal
an tuiseal ginideach

Seo thíos samplaí de chuid de na hearráidí coitianta a dhéanann foghlaimoirí Gaeilge. Féach féin agus do ghrúpa ar an liosta – i ngach cás pléigí an earráid agus cuirigí an leagan ceart ar fáil. Cad iad na cinn is deacra duitse? Cá bhfaighfeá eolas breise fúthu?

1. Ní féidir liom tú a éisteacht.
2. Tá sí sa dara bhliain.
3. Bíonn mo chúrsa an-deacair.
4. Níor mhaith liom popcheol.
5. Tá sé deacair rá gach rud i nGaeilge.
6. Ba mhaith liom rudaí difríocht a dhéanamh i mo chúrsa.
7. Tá mé i gcónaí i Corcaigh.
8. Ní taitníonn mé mo chúrsa.
9. Freagair an cheist seo ag an tús.
10. An maith leat ag snámh?
11. An bhfuil sé mac léinn BA?
12. Tá tusa Ról A agus tá mise Ról B.
13. Tá Áine sé bhliain déag.
14. Teastaíonn uaim dul ar aghaidh go dtí múinteoir bunscoile.
15. Ní seinnim aon uirlis.
16. Ní chuaigh mé ansin.
17. Táim ag imirt leis an club sin ar feadh ocht bliain.
18. Tá cóisir ar siúl síos sa seomra caidrimh.
19. Sin an fadhb atá ann.
20. Tógann an turas ar maidin dhá uair.
21. Bhí céad daoine ann.
22. Bíonn mé abhaile níos déanaí ar an Luan.
23. Ba mhaith liom ag coinneáil an Gaeilge ar siúl an bliain seo chugainn.
24. Bhí oíche amach acu aréir.
25. Abair é sin dóibh.

Pléigh: Conas a bheadh a fhios agat dá mbeadh deacracht agat leis an teanga?

Iarobair

Seo liosta de dhúshláin choitianta i bhfoghlaim na Gaeilge – pléigh iad le do ghrúpa agus abair conas a rachfá i ngleic leo:

- Níl tú cinnte conas briathar a litriú i gceart san aimsir cheart.
- Tá tú ag lorg an leagain Ghaeilge de nath cainte.
- Tá tú ag lorg an leagain Ghaeilge den fhocal *multiculturalism*.
- Níl a fhios agat cé acu is cirte: ‘aiste dheacair’ nó ‘aiste deacair’.

- Ba mhaith leat níos mó slite a aimsiú chun ‘is maith liom an dán’ a rá.
- Tá tú ag iarraidh stór focal comhaimseartha a fhoghlaim.
- Tá deacrachtaí foghraíochta agat.
- Tuigeann tú a lán ach bíonn sé deacair ort a bheith ag caint.

Roghnaigh an acmhainn is oiriúnaí as an liosta seo a chabhródh leat déileáil le gach dúshlán thuas: foclóir Uí Dhónaill, foclóir de Bhaldraithe, www.focal.ie, leabhar gramadaí, *vifax*, cartlann Raidió na Gaeltachta.

Léigh an sliocht beag thíos faoi fhoghlaim focal – cén chomhairle a thógfá as?

Léirigh staidéar a rinneadh roinnt blianta ó shin nithe spéisiúla faoi fhoghlaim focal: Iarradh ar rannpháirtithe abairtí ina raibh focail a bhí siad díreach tar éis a fhoghlaim a léamh os ard. Iarradh ar rannpháirtithe eile na habairtí a léamh os íseal. Chuimhnigh na rannpháirtithe a léigh na habairtí os ard níos fearr ar na focail ná na rannpháirtithe a dúirt na focail os íseal. Ach bhí cuimhne níos fearr arís ag rannpháirtithe a chum a gcuid abairtí féin ag úsáid na bhfocal nua agus a léigh os ard ansin iad.

Tá a lán comhairle faoi fhoghlaim teangacha ar fáil ar an idirlíon – cuir *advice for language learners* isteach i mbosca cuardaigh *Google* agus léigh leat!

Tascanna

Cad iad na hacmhainní is tábhachtaí atá ann d’fhoghlaimoirí Gaeilge? Cad iad na cinn a mbaineann tú féin úsáid astu? Déan liosta le cabhair an idirlín.

Seo rudaí a luann Siuán san agallamh maidir le foghlaim teanga – cad iad na rudaí a bhaineann leat féin? Roghnaigh ceann nó dhó a bhaineann leat féin agus déan iarracht plean a réiteach chun dul i ngleic leis.

	✓	✗
An claonadh an locht a chur ar achan rud ach ort féin, an locht a chur ar an mhúinteoir, ar an téacsleabhar agus ar an chúrsa go ginearálta.		
Smaoineamh ort féin mar fhoghlaimoir, smaoineamh ar na laigí agus na buanna atá agat.		
Go leor deacrachtaí agat leis an ghramadach.		
Barraíocht ama á chaitheamh ar na codanna sin den teanga nach bhfuil deacraicht ar bith agat leo.		
Aird a dhíriú ar na laigí agus gach deis a fhaigheann tú a thapú le dul i ngleic leis na fadhbanna sin.		
Deacrachtaí agat le foghraíocht na Gaeilge.		

Leabhar beag nótaí a choinneáil agus rudaí úra a fhoghlaimíonn tú a bhreacadh síos.		
Anailís a dhéanamh ar na botúin a dhéanann tú.		
Dul ar ais agus ceist a chur ar an teagascóir.		
Cleachtaí breise a dhéanamh ar na codanna sin den ghramadach a bhfuil deacrachtaí agat leo.		

Téipscript

- Antain: A Shiuán, cad é na hábhair a ndearna tú féin staidéar orthu san ollscoil?
- Siuán: Bhuel, sa chéad bhliain rinne mé staidéar ar an Ghaeilge, ar an Ghearmáinis agus ar an stair, agus ansin don chéim rinne mé céim onóracha sa Ghaeilge agus sa stair.
- Antain: Agus an raibh mórán machnaimh déanta agat faoin chur chuige a bhí agat maidir le staidéar agus foghlaim?
- Siuán: Caithfidh mé a rá i ndáiríre nach raibh machnamh dá laghad déanta agam agus bhí go leor fadhbanna agam leis an Ghearmáinis i rith an chúrsa. Is dócha gurb í an fhadhb is mó a bhí agam ná go raibh an claonadh agam an locht a chur ar achan rud ach orm féin, an locht a chur ar an mhúinteoir, ar an téacsleabhar agus ar an chúrsa go ginearálta. Ach anois, is dócha, b'fhéidir go bhfuil ciall cheannaithe agam agus go dtuigim go raibh go leor rudaí a d'fhéadfainn a dhéanamh le cuidiú liom féin.
- Antain: Cén cineál ruda?
- Siuán: Is dócha, an rud ba cheart do achan fhoghlaimeoir a dhéanamh i ndáiríre, ná smaoiniamh orthu féin mar fhoghlaimeoirí, smaoiniamh ar, b'fhéidir, na laigí agus na buanna atá acu féin. Anois, mar a dúirt mé, rinne mise cúrsa sa Ghearmáinis agus dianchúrsa a bhí ann agus, má d'éirigh leat sa chéad bhliain, bhí ar do chumas ansin dul ar aghaidh agus cúrsa céime a dhéanamh. Ach ag breathnú siar anois, tuigim féin go raibh go leor leor deacrachtaí agamsa leis an ghramadach agus dá bharr sin níor éirigh liom dul chun cinn mar is ceart a dhéanamh.
- Antain: Cén cineál deacrachtaí?
- Siuán: Bhuel, bíonn daoine ann agus síleann siad go bhfuil gramadach na Gaeilge deacair, ach tá mé ag insint duit, tá gramadach na Gearmáinise dhá uair chomh deacair. Smaoinigh ar an tuiséal tabharthach féin; tá dhá fhoirm de ann agus bíonn sé ag brath ar cé acu suíomh nó gluaiseacht atá i gceist. Ansin na briathra neamhrialta tá an oiread sin acu ann agus shíl mé nach bhfaighinn máistreacht orthu choíche agus leoga níor éirigh liom sin a dhéanamh. *So*, lean mise orm ar feadh bliana gan na fadhbanna sin a aithint agus cé, ag deireadh na bliana, gur éirigh liom pas lom a fháil, ní leor a bhí ann le dul ar aghaidh agus céim a dhéanamh sa Ghearmáinis.
- Antain: *So*, cén chomhairle a chuirfeá ar mhic léinn atá ag dul do chúrsaí san am i láthair?
- Siuán: I ndáiríre, b'fhéidir, gur rud iontach simplí atá ann ach go díreach, mar a dúirt mé níos luaithe smaoinigh ar na buanna agus na laigí atá agat. Níor cheart, b'fhéidir, barraíocht ama a chaitheamh ar na codanna sin den teanga nach bhfuil deacracht ar bith agat leo, gur cheart duit b'fhéidir aird a dhíriú ar na laigí agus gach deis a fhaigheann tú a thapú le dul i ngleic leis na fadhbanna sin... Bhí mac léinn amháin agam féin agus bhí an-deacrachtaí aige le foghraíocht na Gaeilge agus fuair sé marcanna ísle sna scrúduithe cainte go minic. Mar sin, tháinig sé chugam agus bhí sé ag lorg mo chomhairle agus chuir muid le chéile

plean beag. Agus sé an rud a bhí ann ná thug mé dó cúpla clár raidió ar dhlúthdhiosca agus chomh maith leis sin thug mé dó na scrípteanna a bhí ag dul leis na cláracha sin. Agus is é an cur chuige a bhí aige ná d'éisteadh sé leis na míreanna agus dhéanadh sé aithris orthu go dtí go bhfuair sé máistreacht ar na fuaimeanna éagsúla. Anois, déarfá leat féin gur sin cur chuige simplí go leor, ach diaidh ar ndiaidh, d'éirigh leis máistreacht a fháil ar an chuid is mó de na fuaimeanna, agus d'oibrigh sé.

Antain: Cad é a déarfá le daoine a mbíonn deacracht acu, b'fhéidir, le cuimhne a choinneáil ar rudaí úra a fhoghlaimíonn siad?

Siuán: Bhuel, caithfidh tú a bheith cúramach faoi chomhairle mar sin a chur ar dhaoine nó tá gach foghlaimeoir difriúil. Mar sin, an rud a déarfainn go ginearálta ná triail a bhaint as go leor cleasanna agus modhanna oibre agus féachaint cad é na rudaí a oibríonn duitse. Ó thaobh a bheith ag foghlaim focal agus frásaí de, sílim go bhfuil sé riachtanach leabhar beag nótaí a choinneáil agus rudaí úra a fhoghlaimíonn tú a bhreacadh síos. Ach tá sé iontach tábhachtach fosta athbhreithniú a dhéanamh ar rudaí mar sin go rialta agus iad a úsáid chomh minic agus is féidir leat sa chaint agus sa scríobh, mar mura mbaineann tú úsáid astu go rialta, tá gach seans ann go ndéanfaidh tú dearmad díobh.

Antain: Tá a fhios agat féin, a Shiuán, is minic gurb í gramadach na Gaeilge is mó a chothaíonn deacrachtaí do mhic léinn. Cén cur chuige a mholfa maidir le gramadach?

Siuán: Bhuel arís, mar a dúirt mé níos luaithe, tá gach foghlaimeoir difriúil ach, b'fhéidir, gur cheart do mhic léinn breathnú ar an obair leanúnach a fhaigheann siad ar ais ó na teagascóirí agus anailís a dhéanamh ar na botúin. B'fhéidir go bhfuil fadhbanna acu le réamhfhocail, le hinscne focal, fiú leis an tuiseal ginideach. Ach níor cheart go gcuirfeadh sin lagmhisneach orthu, ach mar shampla, mura dtuigeann tú na ceartúcháin a rinne an teagascóir, téigh ar ais agus cuir ceist uirthi nó air agus tá mé cinnte go mbeidh siad breá sásta cuidiú a thabhairt duit. Ansin b'fhéidir, gur cheart duit cleachtaí breise a dhéanamh ar na codanna sin den ghramadach a bhfuil deacrachtaí agat leo, duine éigin a fháil le iad a cheartú duit nó iad a phlé leat agus sílim, i ndáiríre, go bhfuil cur chuige mar sin i bhfad níos éifeachtaí ná bheith ag iarraidh athbhreithniú agus súil siar a dhéanamh ag deireadh na bliana acadúla ar gach gné den ghramadach atá clúdaithe agat i gcaitheamh na bliana.